



Fógra faoi Rún Tabhairt faoi Scrúdú ar Théarmaí agus Coinníollacha san Earnáil Foirgníochta de bhun alt 15 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

I ndiaidh don Chúirt iarratas a fháil ó cheardchumann oibrithe éagsúla chun scrúdú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha san earnáil foirgníochta agus tar éis an cháipéisíocht a dheimhniú di féin i leith alt 15(1)(a) – (d) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, agus le haird ar fhorálacha alt 15 (2) agus (3) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, tugann an Chúirt Oibreachais fógra leis seo dá rún tabhairt faoi scrúdú ar théarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus aon scéim pá breoiteachta nó scéim pinsin a bhaineann leis an Earnáil Foirgníochta.

D'fhéadfadh moladh teacht ón gCúirt dá bharr sin go ndéanfadh an tAire Ordú Fostaíochta Earnála faoi alt 17 den Acht. D'fhéadfadh Ordú dá leithéid foráil d'íostearmaí agus íoschoinníollacha fostaíochta san earnáil a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le dlí.

Sula ndéanann sí moladh, ceanglaítear ar an gCúirt aird a thabhairt ar ábhair (a) go (e) a leagtar amach in alt 16(2) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 agus ní dhéanfaidh sí moladh mura bhfuil sí sásta go ndéanfadh amhlaidh

- (a) dea-chaidreamh a chur chun cinn idir oibrithe agus fostóirí agus cabhrú le míshuaimhneas tionsclaíoch a sheachaint san earnáil gheilleagrach lena mbaineann, agus
- (b) go bhfuil is gá leis le réasún chun
 - (i) ardchaighdeáin oiliúna agus cáilíochta a chur chun cinn agus a chaomhnú, agus
 - (ii) rátaí córa agus inbhuanaithe luach saothair a chinntiú, san earnáil gheilleagrach lena mbaineann.

Féadfaidh aon duine ar mian leo uiríll a dhéanamh i bhfoirm aighneachta i scríbhinn maidir leis an scrúdú sin a dhéanamh faoina **5.00 i.n. an 18 Meitheamh 2024**. Ní bhreithneofar uiríll a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.

Ba cheart uiríll a sheoladh tríd an bpost chuig **An Rúnaí, An Chúirt Oibreachais, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, nó ar ríomhphost go info@labourcourt.ie**.

Ba cheart d'uiríll a chuirtear mar aighneacht i scríbhinn **aghaidh a thabhairt ar na hábhair a leagtar amach in alt 16 den Acht** anuas ar aon uiríll eile ba mhaith leis an bpáirtí a dhéanamh.

D'fhéadfadh an Chúirt, i ndiaidh aighneachtaí a fháil, cinneadh a dhéanamh éisteacht a thionól do pháirtithe ar léir don Chúirt a bhfuil spéis acu ann agus ar mian leo tuairimí a chur in iúl.

Tá iarratas alt 14 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte ag www.labourcourt.ie.

Tabhair faoi deara go bhfuil sé i gceist ag an gCúirt na haighneachtaí i scríbhinn ar fad a fhaightear a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, www.labourcourt.ie, agus gur cheart do pháirtithe a dhéanann aighneachtaí a chinntiú go gcloíonn an t-ábhar ar fad a chuirtear isteach leis an reachtaíocht rialála ábhartha ar fad, an reachtaíocht um Chosaint Sonraí ina measc.